

ORDACHÁN FAOI ALT 42 DEN ACHT UM SHEIRBHÍSÍ UISCE (UIMH. 2) 2013

Ordachán Beartais Um Muirir Uisce 2014

Ciallaíonn “an tAire” an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil

Ciallaíonn “an Coimisiún” an Coimisiún um Rialáil Fuinnimh

Ciallaíonn “an tAcht” an tAcht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2) 2013

I bhfeidhmiú na gcumhachtaí a thugtar dom le halt 42 den Acht um Sheirbhísí Uisce (Uimh. 2) 2013, tugaimse, Phil Hogan, an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, leis seo, an t-ordachán beartais seo a leanas don Choimisiún um Rialáil Fuinnimh, a bheidh le leanúint ag an gCoimisiún i bhfeidhmiú a fheidhmeanna:

- (1) Féadfar an tOrdachán Beartais um Muirir Uisce 2014 a ghairm den ordachán beartais seo.
- (2) Tá an t-ordachán beartais seo leagtha síos i gcomhthéacs an Chreata Rialála Eacnamaíche atá beartaithe ag an gCoimisiún agus glactha leis ag an Aire (mar atá foilsithe ar shuíomh gréasáin na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil).
- (3) Beidh feidhm ag an ordachán beartais seo maidir leis an timthriall rialála eatramhach (R4 2014 go dtí deireadh 2016).
- (4) Ar mhaithe lena chuid feidhmeanna a chur i gcrích faoi alt 22 (8) den Acht, beidh an Coimisiún ar comhréir leis na hordacháin seo a leanas a bhfuil cineál beartais ghinearálta ag baint leo nuair a bheidh an plean muirir uisce a chuirfidh Uisce Éireann faoi bhráid an Choimisiúin in 2014, don timthriall rialála eatramhach (an 1 Deireadh Fómhair 2014 go dtí an 31 Nollaig 2016), á bhreithniú aige:
 - i. Coinníollacha ar bith a ghabhann le cistiú Uisce Éireann, lena n-áirítear deontais airgeadais d’Uisce Éireann arna gcur ar fáil ag an Aire faoi alt 36 den Acht agus réamhíocaíochtaí ón Aire Airgeadais faoi alt 37 den Acht, lena n-áirítear an coinníoll a ghabhann le deontais faoi alt 36 den Acht, gur chóir cistiú oibriúcháin a úsáid chun na liúntais seo a leanas atá saor in aisce a mhaoiniú do chustaiméirí baile a íocann a muirir go tráthúil i.e. sa chás ina n-íoctar muirir i gcomhréir leis an bplean faofa muirir uisce nó le comhaontú faofa:
 - liúntas saor in aisce do chustaiméirí baile Uisce Éireann dá n-úsáid ina bpríomháiteanna cónaithe, méid arb ionann é agus 30,000 lítear go bliantúil in aghaidh an teaghlaigh;
 - liúntas chun gnáth-úsáid uisce a sholáthraítear agus fuíolluisce a chóireáiltear in aghaidh an linbh i bpríomháiteanna cónaithe sa Stát a chlúdach (agus leanbh á shainmhíniú sa tslí chéanna a ndéantar sainmhíniú air i ndáil le sochar linbh faoi na hAchtanna Leasa Shóisialaigh) ionas nach mbeidh feidhm ag muirir uisce in éifeacht ach amháin i ndáil le

daoine fásta i dteaghlaigh den sórt sin (agus an ghnáth-úsáid bhliantúil á meas mar 38,000 lítear in aghaidh na bliana, le bheith deimhnithe trí shonraí iarbhír úsáide ó mhéadrú);

- ii. Ba chóir go gcuimseofaí le Bonn Sócmhainní Rialála tosaigh Uisce Éireann caiteachas chostais an chláir um méadrú baile arna dtabhú go cuí agus go héifeachtúil, agus caiteachas atá tabhaithe go cuí agus go héifeachtúil arna chinneadh ag an gCoimisiún in aicmí caiteachais ar a gcomhaontóidh an tAire agus luach dliteanas airgeadais áirithe arna n-aistriú go hUisce Éireann ó údaráis áitiúla, faoi réir na dteorainneacha arna leagan síos ag an Aire;
- iii. Ba chóir go gcinnteodh an Coimisiún, maidir le muirir a ghearrtar ar chustaiméirí baile atá bunaithe ar mheasúnú úsáide ag Uisce Éireann, gur chóir go mbeidís bunaithe go príomha ar áitíocht, ach d'fhéadfadh tosca eile a bheith san áireamh mar a thabharfaí le fios, trí chomparáid le húsáid mhéadraithe, is iomchuí d'fhonn a chinntiú go bhfuil na muirir sin ina neasluchanna chomh maith agus is féidir don úsáid mhéadraithe;
- iv. Agus breithniú a dhéanamh ar riachtanais i ndáil le haistriú custaiméirí baile ó na muirir mheasúnaithe sin go dtí muirir atá bunaithe ar úsáid mhéadraithe, ba chóir foráil a dhéanamh do choigeartú siarghabhálach muirear (aisíoc san áireamh) faoi réir coinníollacha a d'fhéadfadh an CRF a chinneadh sa chás ina bhfuil muirir mheasúnaithe os cionn tairseach réasúnta i gcomparáid leis an úsáid mhéadraithe ina dhiaidh sin;
- v. Ba chóir go mbeadh muirir uisce baile socraithe go dtí deireadh an timthrialla eatramhaigh rialála (deireadh 2016), ach go ndéanfaí foráil chun athbhreithniú a dhéanamh ar mhuirir mheasúnaithe i bhfianaise sonraí a thiocfaidh chun cinn ar úsáid mhéadraithe, lena chinntiú go bhfanfaidh na muirir mheasúnaithe ina neasluchanna chomh maith agus is féidir don úsáid mhéadraithe;
- vi. Ba chóir foráil a dhéanamh sa phlean muirir uisce do shocrúithe speisialta i gcás custaiméirí de chuid Uisce Éireann atá i riochtaí sláinte ar leith a bhfuil úsáid mhéadraithe uisce de dhíth orthu, lena n-áirítear uasteorannú muirear ag an muirear bainteach measúnaithe – tá an réimse riochtaí sláinte sonracha lena leagan amach ag an Aire tar éis comhairliúcháin leis an Aire Sláinte roimh thosú na muirear baile;
- vii. D'fhonn uasmhéadú a dhéanamh ar na sochair chomhshaoil a bhainfidh leis an infheistíocht i méadrú uisce agus ar chúiseanna sóisialta, go háirithe chun tionchar díréireach ar theaghlaigh ina bhfuil líon beag daoine a sheachaint, níor chóir go ngearrfaí muirear seasta ar chustaiméirí uisce baile. D'fhéadfadh an Coimisiún, áfach, breithniú a dhéanamh ar cé acu ar chóir nó nár chóir muirear íosta uisce a ghearradh ar áitribh nach bhfuiltear ag cónaí iontu mar phríomháiteanna cónaithe;
- viii. Ba chóir go gcinnteodh an Coimisiún gur chóir go ndéanfaí foráil sa phlean muirir uisce do chásanna ina bhfuil an cháilíocht seirbhísí uisce atá á cur ar fáil ag Uisce Éireann lagaithe, nó ina bhfuil seirbhísí laghdaithe nó srianta (fógraí fiuchta uisce, mar shampla).

(5) De réir alt 42 den Acht, cuireadh dréacht den ordachán seo ar fáil don Choimisiún agus don Chomhchoiste Oireachtais um Chomhshaol, Cultúr agus Gaeltacht, agus foilsíodh é, in éineacht leis na cúiseanna ar beartaíodh an t-ordachán lena mbaineann a thabhairt, san Iris Oifigiúil. Tá machnamh déanta agam ar na léirithe uile déanta i dtaca leis an dréacht-ordachán ón 16 Bealtaine 2014 agus tá cinneadh déanta agam nach bhfuil aon leasú ábhartha ar an dréacht-ordachán de dhíth.

ARNA THABHAIRT faoi mo lámh,

Aire Comhshaoil, Pobail

agus Rialtais Áitiúil

an 2ú lá seo de mhí Iúil 2014